Ní d’ainbhfios mealltar mac Seaáin

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 38]

Somhairle Mac an Bhaird .cc.

1 Ní d’ainbhfios mealltar mac Seaáin;
na seoid dháilios as dó tíad;
maoine an eóin a healtoin Tuama
dá dheóin mealltoir uadha íad.

2 Tabhach urruma i n-aois tsóisir
do shíol Néill ní nuaidhe an stair;
ráth na ríogh dha thoil go dtiobhradh
ná bíodh soin ’na iongnadh air.

3 Leabhair Chaisil is chláir Macha
nír mheiste dhóibh dol ’na leith;
má fríoth cairt nach léir do léghadh
le fréimh Airt do bhéradh breith.

4 Gluaisid leis i laithibh teannta
táin mhíleadh don mhacraidh shídh;
do an ó hEunna ’na armaibh
go car seula ar adhbhaidh nÍr.

5 Ferann cloidhimh cairt a shinnser,
do shíol Néill do ba nós gnáth;
caidhe an tríath lerb áil a éra
sgíath ar láimh í Éunna ar áth?

6 Ní hé amháin an mhedh le dtoimhseann
Trian Conghoil do chuir fa a smacht,
go breith ’na láimh ar fiadh bhFuinidh
an ghrian áigh do fhuirigh Art.

7 Do ghabh an Céidniall cúig braighde
do bhreith an chluiche ar chlár Té,
dá dtogradh naoi ngéill do ghabháil
le mnaoi Néill dob anáir é.

8 Buidhne amach ó mhacraidh Line,
an líon tíad i dtighibh óil,
ní thoillid fuil Earca i n-éntoigh
leabtha amuigh go ndéntoir dhóibh.

9 Críoch a thuruis i dtoigh bannáil
bronnadh séd, ’s ní seoid do ghabh;
nírbh fhiú a thol da seuduibh suirghe

a dhol d’fhéagain bruighne ban.

10 Cána troma an tráth nach n-uigheadh
d’uillibh sgiath do sgaoilfeadh cailc;
taosga do chuaidh sé ’na séna
gibé do smuain éra Airt.

11 Eagna a bhfuil re foghluim gnáthaidh
glioca a bhriathar gibé adeir;
do ghabh an chlíar leisge labhra
fian Feirste má tharla asteigh.

12 Do thoirbhir do thionól éiges
d’eudáil biodhbhadh bruta sróil;
do bheir mac Áine do fhilidh
ar ghlac bráighe d’idhibh óir.

13 Ualach catha ar chinél Eoghain
aighthe féinneadh feirrde a dtlacht;
téid do thes ón ágh ’na éideadh,
snámh ar ess gurbh éigen d’Art.

14 D’fhuil Bhriain Bhallaigh biaidh san choigill
crithir aoibhle ó n-adhnann grís;
má thug Temhair léim tar líne
lenaidh don fhréimh fhíre arís.

15 Fogus trághadh da dtuinn mhenmun
na meic ríogh dá rugois búaidh;
créd as nár len triath dod thréidhibh
do gheabh le hiath Éibhir d’uaim?

16 Síad id longphort mur lucht frestoil,
forgla an teghlaigh go dtáir fíon,
fian Line cáit ina gcuire
file i n-áit an duine dhíobh?

17 Do líon glíadh ní gheubhaidh seachad
go sníomh dornchar, go dáil crann;
meinic t’fhían ag tocht da threabhadh
do ghort ghliadh gur beanadh barr.

18 Tabhach cána críche heachtrann
an fheilm órdha as eadh do sgailt;
cró fogha ar do thaobh don tachar,
maor do chomha ar achadh Airt.

19 Lá don chraoisigh ’na crann lúbtha
ag léim brogha bíoth nár fheac,

caol an dá chrann fúibh nár filleadh
do bharr dhúin gur lingeadh let.

20 Rugais amach, a mhéin Seaáin,
seula dúithche mur dhíol fiach;
do gheibh síoth ót fhéin da oighribh
críoch Néill ó do thoirbhir tríath.

21 Tógbháil airm nár iomchuir féinnidh
as feidm laoich nár léigis thort
ní léig le fer í as a hiomdhuigh
slegh do bhí go hiorghoil ort.

22 Do bhreatha maordha, a mheic Áine
éigcert d’fhógra asedh do níad
súil re lenmhuin na mbreath bheire
do mheabhruigh neach eile íad.

23 Dol i gcoimes do cherd bhféinnedh
an bhfidir cách cia do lamh?
gan bheith libh ni béim dod bhuidhin
sibh ag léim i mbruighin bhan.

24 Droiched curadh do cherd gaisgidh
’s do ghaoi dhonna dhoirtes crú;
foghnuidh slegh re haghaidh h’iomchuir;
sreabh chalaidh ní thiomchuil tú.

25 Do locadh leanmhuin an adhbhuir,
ní fhuil biodhbha bhrises cuing,
ben gan omhan ag techt tríthe,
nír bloghadh reacht críche Cuinn.

26 Barr a comhthaibh críche Temhra,
tairthe dhaoibh ag dol i méid;
gibé call do bhaoi gan bhlaghadh
a bharr faoi go talamh téid.

27 Fuaim gach srotha re slios gcalaidh,
ceol nach binne ó bharraibh mér;
nimh a chnedh i gcuan nír chuimhnigh
fer ’na shúan ó fhuighlibh én.

28 Oiremh céachta ar chiomhsuibh bóchna
beg nár thuit ’na thoirrchim súain;
gairid le fer an lá leabhar
an fedh atá ag treabhadh túair.

29 Téighid síona srotha balbha;

ar bhruach linne ní luigh sioc;
do chúaidh fúibh san mhuir do mhine
go bhfuil súil na ríghe riot.

30 Siad ag tnúth mur theguid d’fhoraois
agha torrcha ó dtuismhid laoigh;
dá rann énuigh ag cur chatha
fa dhul d’fhéghuin Lacha Laoigh.

31 Éigse Fódla feadh a ndíola
dáilimh ionnmhuis fhine Néill;
do bhac soin an dol tar dligheadh
crodh ar thoil na bhfileadh féin.

32 Re gráin sleighe is sí gan teilgen
triath ar ais ag éirghe ó chách;
téid tré fher ’s gan í ina fhaicsin
ód chí slegh Airtsin ar áth.

33 Roinn do chennus críche hÉibhir
d’ua na mBrían do bhéra chairt;
saoir da gcur ar obair Emhna
ar sgur chogaidh fhedhma Airt.

34 Mó sa chách a gclechtadh foghla,
fian Túama ni thréigfe a nós,
mur fúair sgéula ó iath nár adhain,
truaill i Éanna ar faghail fós.

35 Síol Eoghain ós aicme Ghaoidheal,
an gnás riamh ní racha thart
acht cáin do bhí ’ga fhréimh reimhe
ní réidh ar ní eile Art.

36 Gaisgeadh tóra tráth an fhedhma
d’Art Ó Néill ni nochtfa sí;
an chaor shlóigh, do fhég gach énfhonn
tóir da méd ni fhéghann í.   Ní

37 A seoid oirdherca an uair bhronnus
do bheir d’éigsibh earradh sróil
Gráinne ní iarr ar a haindribh
ríar na dáimhe d’fhailghibh óir.

38 Inghen í Eadhra isí dhúisges
drithle féile a bhfad ó ghrís
cinnidh Gráinne ar an ngairm reimhe
nach táire an t-ainm eile arís.

39 Ní gnáth léí lenmhoin an bhandáil,
i mbruighin ríogh rug a mbúaidh;
aithreach do mhnáibh béin re bronnadh
an réir dob áil d’ollamh fhúair.

40 Maith na tréidhe da dtug annsacht;
re haithne Dé diallaidh sí
rún nach claon i gcoinne cionadh;
do choille chaor n-iodhan í.